

SÉAMUS Ó CREAG

a mhuintir agus an dúchas Gaelach

le Torlach Mac Con Midhe

Tá staraithe agus lucht teanga ag caint arís ar Shéamus Ó Creag, duine de cheannródaithe athbheochan na Gaeilge ag túis an fhichiú céad, go mór mó rí gCúige Uladh.¹ Mo shean-uncail a bhí ann. Tá firicí ag teacht chun solais faoin bhfeair agus a mhuintir nach raibh ar eolas agam ar chor ar bith. In aiste² níos luaithe, scríobh mé ar mhuintir Uí Chreag, muintir mo mháthair i nDoire Cholmcille, agus an tionchar a bhí acusan ar mo shaol féin agus mé i mo chónaí i gceartlár na hEorpa. Ach measaím anois go bhfuil níos mó le hinsint faoi mhuintir Uí Chreag, go mór mó sular chuardar chun conaí i nDoire. Sin am nach bhfuil teacht agam féin air go pearsanta, ar ndóigh. Ach leis an eolas atá ar fáil faoi na Creagaigh anois, is féidir filleadh ar a gcoiscéim ó Dhoire ar ais go Gaeltacht Thír Chonaill, saol eile ar fad.

Nuaí a bhí mé óg, agus mé ag fás aníos i mBaile Átha Cliath, bhí a fhios agam cheana féin go raibh éagsúlacht teanga agus cultúr ann. Gach bliain, bhiomar i nDoire, agus tháinig daoine áirithe de mhuintir Uí Chreag chugainn i mBaile Átha Cliath freisin. Cathair eile a bhí i nDoire, tir eile beagnach a bhí i dTuaisceart Éireann; Béalárla aisteach agus cultúr eile a bhí ag ár muintir ansin. D'inis mo mháthair dúinn freisin faoi bhlianta a hóige féin thusa, agus ní bhíodh trácht aici riabhach ar Dhoire.

Ar dtús, áfach, ba Chonallaigh mo sheanathair Donncha Ó Creag agus a dheartháireacha. Is i nDroim na Saileach, in aice leis na Gleannnta, a rugadh agus a tógadh iad i rith na 1860í. Pádraig (Peat) Ó Creag ó Ros Beag a n-athair, agus Áine Nic Giolla Dé ó na Gleannnta a máthair. Ní rabhadar socratthe sna Gleannnta le fada ag an am. Dibriodh as a dtalamh i Ros Beag iad roinnt blianta roimhe sin. Chuaigh na páistí go scoil náisiúnta na nGleannnta, áit a bhfuair siad a gcuid Béalárla is dócha. Chuaigh Donncha go Doire ansin agus thosnaigh sé ag obair i dtionscal na léinte. Ansin bhunaigh sé a ghnó féin. Phós sé bean de muintir Uí Dhálaigh. Bhí Donncha go maith as sa saol, agus tar éis tamall bhí teach cuíosach galánta aige i Sráid Clarendon i nDoire.

D'fhás clann mhac aníos: Seosamh, Oscar, Louis agus Jeaic, agus iníon amháin, Áine, mo mháthair. Cuirteadh go Coláiste Cholmcille na mic. Bhí an chlann tugtha don cheol, go mór mó an ceol clasaiceach. Sheinn Seosamh an dordveidhil, sheinn Oscar agus Louis an pianó, agus sheinn Jeaic veidhlín.

Bhí an chlann éirithe ró-ghálánta do Dhomhna, de réir dealraimh, agus bhíodh sé de nós aige cur i gcoinne éiri in airde Sheosaimh, an mac ba shine, mar deireadh sé leis an chairt láimhe agus na héadá inti a tharraingt ar an tsráid, rud nár thaitin le Seosamh, agus nuair a bhíodh a athair imithe thugadh sé cúpla pingin do ghasúr eile an chairt a tharraingt go dtí an siopa.

Oíche amháin sa bláthain 1915, chuaigh Donncha amach le cairde ag iascaireacht ar Loch Feabhaile. D'éirigh sé tinn dá bharr, tholg sé niúmóine as, agus fuair sé bás go tobann.

Níor chuir bás Dhonncha as don chaighdeán maireachtála a bhí ag mhuintir Uí Chreag ar dtús. Saol rathúil a bhí acu. B'íad an chéad teaghlaich i nDoire iad a raibh raidió acu. Deirí go mbíodh slua daóine bailithe amuigh ar an gcasán os comhair na fuinneoge oscailte, ag éisteacht leis an mhíorúilt istigh agus í ar síúl. Fuaireadar 'cóiste gan capall' sna fichidí freisin, agus ba mhiniac iad ar thuras phléisiúr amuigh i nDún na nGall – thar an teorainn, mar a bhíanois. Níos déanaí sna 1920í, chuaigh siad go Baile Átha Cliath chun cóinthe ansin.

Gníomhréim Shéamuis

Maidir le Séamus Ó Creag, deartháir Dhonncha, tá a fhios againn gur chuaigh sé ar scoil sna Gleannnta. Scríobh sé féin i bhfad níos déanaí gur fhág sé an scoil agus scriobh an Bhéarla aige, ach nach raibh a fhios aige go fóill gur theanga scriofa i an Ghaeilge. Ag teacht as Ghaeltacht mar sin ag an am, bhí an teanga aige, bhí cuid mhaithe den bhéaloideas aige, ach ní raibh scriobh na teanga ná aon traidisiún liteartha aige. Dá mba rud é go raibh sé ar intinn ag duine dá leithéid seilbh a ghlaicadh ar an teanga mar dhuine oilte agus an teanga a mhúineadh, bhí air na nithe bunúsacha sin a fhoghlaim dó féin gan chabhair ó aon chóras oideachais.

Is é ina ógfhearr chuaigh Séamus le sagartóireacht: bhí sé sa bhFrainc ag staidéar ar feadh tamall le hord an Spioraid Naoimh, ach d'éirigh sé as agus tháinig sé abhaille. Bhí sé ina mhúinteoir scoile ansin, múinteoir Gaeilge. Ach bhí sé tugtha don cheol, cosúil le muintir Uí Chreag uile, agus muínteoir ceoil agus amhránaíochta a bhí ann freisin. Ar deireadh bhí sé ina ollamh le Gaeilge agus Amhránaíocht i gColáiste Adhamhnáin i Leitir Ceanainn.

Chuir Séamus Ó Creag (nó J.P. Craig mar a tugadh air freisin) cuid mhaithe leabhar amach i rith a shaol: leabhair ghrámadáil, leabhair léitheoireachta, idir phrós agus philiócht, do na scoileanna, agus bailíúcháin d'amhráin Ghaelacha a raibh Rath áirithe orthu ag an am.

Is cinnte go raibh dúchas fíor-Ghaelach ag muintir Uí Chreag i dTír Chonaill, agus chloigh Séamus leis an dúchas sin, cé nár thuig sé é ina ionláine, b'fhéidir – an sean-dúchas liteartha ach go háirithe.

Cérbh iad na Creagaigh ó dhúchas?

Bhí muintir Uí Chreag suite go daingean in larthar Thír Chonaill, agus iad Gaelach. Nílím cinnte cá fhad a bhí siad i Ros Beag, ach is léir go raibh baint acu le hlinis Caol agus an ceantar sin le fada fada. Bhí dream eile diobh ina gcónaí timpeall Loch lascaigh, in áit cuíosach iargúltá. Tá trácht ar dhuine den chlann sin, Manus Ó Creag, a bhí ina sheanchá agus a thug a lán ábhair don Choimisiúin Béaloideasa de réir dealraimh. Rinne sé taifeadtaí sa bláthain 1931 do Wilhelm Doegen, teangeolaí Gearmáinach, agus a chomhghleacaithe. N'fheadar cén gaol a bhí ag an bhfeair seo Manus Ó Creag le mo mhuintir féin. Is in 1880 a rugadh é, agus is i 1945 a bhás aigh sé. Is féidir a ghuth a chloisteáil, bail ó Dha air, agus

é ag canadh, ag caint agus ag comhaireamh ó 1 go 30 ar an Idirlion anois.³ Is breá liom é a chloisteáil, le firinne, mar is dócha go raibh guthanna mhuintir Uí Chreag, mo mhuintir féin, mar an gceáanna agus an Ghaeilge acu, ach amháin nár deonaíodh dom riamh iad a chloisteáil agus go bhfuil siad ina dtost go deo anois.

Is aisteach an tsloinne é Ó Creag, nó Craig. Bhí mé ag ceapadh i gcónai gur shloinne ceart Gaelach é Ó Creag, a galldaiodh go Craig, sloinne aitheanta de chuid na hAlban. Ach is aisteach é mar shloinne Gaelach mar sin féin. A mhalaírt b'fhéidir a tharla, .i. go raibh an t-ainm Craig ag coilínithe Albanacha i dtús báire agus gur gaelaíodh é mar Ó Creag. Ach conas a d'éirigh an mhuintir amach ina gCaitlicigh más ea? Mar ba Chaitlicigh iad mo mhuintirse. Chuala mé faoi dhaoine i nDoire nach raibh sásta gnó a dhéanamh leis na Creagaigh mar cheap siad gur Phrotastúnaigh a bhí iontu. Tharla sin go fóill sna 1960í. Ach ag an am sin bhí an polaitoíor Aontachtach Bill Craig mar aire i mbun an RUC, agus bhíodh lucht cearta sibhialta ag mairseáil tríd an chathair agus iad ag glaoch 'Craig out, Craig out!'

An taobh eile den scéal, tá an dealramh air anois go raibh muintir Uí Chreag mar shean-Ghaeilg i dTír Chonaill le fada. Deineann staráil eaglaise tagairt do chlann Uí Chreag nó Craig a bhí lonnaithe ansin, agus sagaírt a dtabhairt acu d'Inis Caoil agus do pharóstí eile in larthar Thír Chonaill. Ainmníonn sé sagart darbh ainm Terence Craig nó Torlach Ó Creag a chláraigh údarás Shasana in aimsir na bPéindlíthe, sa bhliain 1704.⁴ Tá an chuma air mar sin gur shean-sliocht Gaelach muintir Uí Chreag.

Muintir Uí Chreag mar Eorpaigh

Ba de lucht an Bhéarla iad muintir Uí Chreag i nDoire, pé scéal é. Bhí Albainis de shaghais ag mo mháthair, ní Gaeilge. Níor chuala mé oiread is focal Gaeilge uaithi agus mé óg. Ach chuala mé a lán focal Albainise, nár thug mé ach oiread! Níl dealramh air gur chuala mo mháthair focal Gaeilge riamh mar pháiste. D'fhás sí féin anios i nDoire, agus ní raibh seans ar bith aici Gaeilge a fhoghlaim ar scoil. Is léir nár thug na sean-daoine an teanga ar aghaidh. Bhí Donncha marbh, agus níor chuala mé gur chuir Uncail Séamus aon iachall ar an gclann Gaeilge a bheith acu (níor thugadar riamh air ach 'Uncle James' agus iad ag caint faoi caoga bliain ní ba dhéanai). Ba de Mhuintir Uí Dhálaigh mháthair mo mháthar. Chuala mé scéilín nó dhó go faoin sean-athair Ó Dálaigh: bhí sé go maith as sa saol, do réir dealraimh, agus níor chuala mé nod ar bith riamh go raibh Gaeilge aige ná ag a chlann. Pé scéal é, bhí am agam féin agus mé ag fás anios i mBaile Átha Cliath bheith ag éisteacht le mo mháthair agus í ina suí in aice na tine. Cheap mé i gcónai go raibh sí an-eachtrannach, mar a déarfá, i gcomparáid le muintir Bhaile Átha Cliath. Sa lá atá inniu ann, déarfainn go raibh cultúr eile aici, rud nár bhíodh agus í ina Tuaisceartach sa Deisceart. Ach bhí dearadh seannfhaiseanta ar an saol aici, cé gur de theaghlaich buirgíseach í. Sin an fáth go ndéarfainnse go raibh sí Gaelach. Ní an é sin an focal atá uaim? B'fhéidir gur chóir a rá go raibh meon na tuaithe aici, seachas meon na cathrach móire.

An taobh eile ar fad, áfach, níor mhiste a rá nach é amháin go raibh an Béarla glactha ag muintir Uí Chreag, ach gurbh Eorpaigh iad freisin. Bhí Uncail Séamus tar éis bheith sa bhFrainc, agus dúirt mo mháthair liom gur *bon vivant* a bhí

ann agus gur thaitin sé leis dul go dtí an ceoldráma. Bhí m'uncail Louis an-Eorpach: fear mór ceoil chlasaícigh a bhí ann, agus bhí Fraincis agus Gearmáinis aige. Chuir Uncail Louis féin (agus muintir Uí Chreag leis) muintir Thomas Mann i dtuaisceart na Gearmáine i gcuimhne dom i gcónai – na daoine ar a dtráchtar sna leabhair *Buddenbrooks* agus *Tonio Kröger*. Ach cá bhfuil muintir Uí Chreag an cultúr sin? Ní raibh Uncail Louis riamh ar Mhór-Roimh na hEorpa go bhfios dom. Cinné bhí sé ar scoil, i gColáiste Cholmcille. An cultúr ar fad seo, is ón gceol clasaiceach a tháinig sé, tá mé ag ceapadh, ní bhí sé fite fuata leis an gceol. Dá mba rud é go raibh Beethoven agat, bhí tú leath bealaigh go Vín cheana.⁵

Ní féidir liom a rá go raibh Uncail Louis Gaelach ar chor ar bith. Ní díogh liom gur chuala mé focal Gaeilge riamh uaidh, nár trácht ar an dúchas Gaelach. Ní raibh na nithe sin aige. Nach aisteach an mhuintir a bhí iontu! Ach tuigtear dom anois go raibh siad srachta idir an traidisiún Gaelach agus an cultúr Eorpach. Cosúil liom féin!

Measaim anois go raibh Muintir Uí Chreag deighilte idir dhá chórás luacha: an córas nua-aimseartha, uirbeach, buirgíseach, agus an córas traidisiúnta, dúchasach, Gaelach, tuaithe. Ar thaobh amháin, bhí Donncha, nach raibh ró-ghalánta, agus Séamus, a bhí ina ollamh le Gaeilge; ar an taobh eile, Clann mhac Dhonncha, a bhí tugtha don cheol clasaiceach agus don Eoraip. Conas is féidir é sin a mhíniú?

Teoiric McCrea

Tá an-spéis curtha agam i leabhar Barry McCrea⁶ le déanaí. Seo acadóir Éireannach atá ag obair sna Stáit Aontaithe agus é ag plé leis an litriocht chomparáideach, .i. litriochtaí i dtéangacha éagsúla na hEorpa a chur i gcomparáid lena chéile. Agus é i Meiriceá agus ag scriobh i mBéalra, is féidir a bheith cintte de go bhfuil sé i gcoinne na Gaeilge agus deireann sé sin go soiléir ina leabhar. Ach tá smaointe fiúntacha aige mar sin féin, agus ba chóir bheith ag plé leo. Ba mhór an chabhair dom na smaointe úd agus mé ag iarráidh mo mhuintir féin, muintir Uí Chreag, a thuiscint.

Cuireann McCrea síos ar an litriocht Eorpach nua-aimseartha san fhichiú céad agus tráchtann sé ar ghné di nach n-áirítear go ró-mhínig dar leis: .i. go gcuireann scribhneoirí áirithe an-suim i dtéangacha mionlaigh ní i gcanúintí tuaithe. Tráchtann siad orthu, ní bónion siad ag scriobh iontu fiú. In Éirinn, chuir scribhneoirí ar Bhéarlóirí iad féin ó dhúchas suim sa Ghaeilge agus scriobh siad inti. Is léir go raibh idé-eolaiocht an náisiúnachais ag baint leis an chlaonadh seo, ach freisin, dar le McCrea, bhí díul acu i saol na tuaithe, saol a bhfuil leanúnachas ann, murab ionann is saol nua-aimseartha na cathrach. I gcás údair seo na Gaeilge, amhail Séan Ó Riordáin, bhí deighilt istigh sa chroí idir an díul i saol nua-aimseartha na cathrach agus san indibhídíúlachas a bhaineann leis, agus an díul i saol na tuaithe, sa bhféiniúlacht agus sa traidisiún.

B'fhéidir go bhfuil gach Éireannach deighilte mar sin, mar a cheapaim, gach Éireannach a fhásann anios i mbaile mór nó gceathair, ar aon chuma. Don chuid is mó, faigheann an córas nua-aimseartha an lámh in uachtar, agus deintear dearmad ar an gceolas traidisiúnta. Ach maireann an córas eile sa neamhchomhfhios, b'fhéidir, agus ó am go chéile motháin an duine éileamh uaidh: ansin binnón sé ag plé leis an gceol traidisiúnta, ní ag plé leis an Ghaeilge, ag dul go dtí an Ghaeltacht, ag caitheamh ama thíos faoin tuath, agus araile.

Ag trácht dó ar an saol i gcathracha móra na hEorpa ag túis an fhichiú céad, deireann McCrea: 'an cultúr a bhí ó dhuine, bhí sé trasnáisiúnta, Eorpach, "ard", agus tháinig sé ó smaointeachas, ón léitheoireacht agus ón staidéar' (Ibh. 121). Saol buirgíseach, ní bhíonn gaol idir an gcuiltear agus an áit chónaithe, na gnáthdaoine ná a gcuid cainte, ach tagann sé ón bhforás pearsanta. I saol na tuithe, áfach, braitheann an duine ar an dúchas, agus is i dteanga na tuithe, i dteanga nó i gcanúint faoi leith, a chuirtear an dúchas sin in iúl.

Agus scríbhneoir ag plé le *patois* nó teanga na tuithe, dar le McCrea, bhí sé ag plé leis an teanga ní mar rud a bhí oile, a bhain leis an usal-aicme agus snas agus blas curtha air, ach mar rud beo, neamhspleách, nach mbaineann le *Bildung*, leis an oideachas, leis an duine aonair, ach leis an bpobal, le muintir na tuithe, leis an dúchas.

Míníú an scéil

Bíonn an smaoineamh céanna agam agus mé ag iarraidh muintir Uí Chreag a thuiscent. I bpeirspictiocht stairiúil, bhain siad le traidisiún nach raibh uirbeach nó buirgíseach le firinne. Smaoiníodh mé féin i gcónaí ar Dhoire mar an 'dúchas' acu, ach tuigim anois nach le Doire a bhaineann muintir Uí Chreag in aon chor. Ní raibh ach glúin amháin ann, glúin mo sheanathar, a chuaigh ar imirce go dtí an chathair agus a chuir fúithi ansin. Murach sin, is Conallach iad muintir Uí Chreag ó dhúchas, níl aon daibh facio. An Béalra Albanach sean-fhaiseanta, an cultúr buirgíseach a bhain leis an gceol clasaiceach – na nithe ar thug meá gurbh iad croílár na feiniúlachta ag na Creagaigh iad – ní raibh iontu ach aghaidh fidil a chuir glúin amháin uirthi féin chun teacht i dtír.

Cén fáth nár labhradh liom faoi sin agus mé óg? An cinsireacht a bhí ar siúl? B'fhéidir é. Ní maith le daoine lán na firinne a insint fúthu féin agus faoina sinsear, go háirithe má thagann náire i geist. Tá mé ag ceapadh nár theastaigh ó muintir Uí Chreag, daoine cathrach a bhí go maith as sa saol, a bhí sofaisticíúil agus oideachas faigthe acu, a admháil nach raibh iontu ar dtús ach clann tuithe ó áit éigin iargúiltá i dTír Chonaill. Rud eile atá i geist anseo seachas an teanga. Gaeilge a bhí ag muintir Uí Chreag agus iad ina gcónaí amuigh i dTír Chonaill; ghlaic siad leis an Bhéalra go hiomlán agus iad i nDoire. Is léir nár dhein siad iarracht ar bith an Ghaeilge a thabhairt ar aghaidh dá gclann féin. Tá mé ag ceapadh, nuair a labhraíodh mo sheanathair Donncha lena dheardháir Séamus, agus iad ag caint eatarthú féin, go dtéadhb siad i muinín na Gaeilge luath ná mall. Ach ní bhfuair an ghlúin óg Gaeilge ar chor ar bith, mar a dúras. Agus má bhí saol mhuintir Uí Chreag faoin tuath as Gaelige, ba dheacair do na tuismitheoirí bheith ag insint faoi as Béalra níos déanaí. Tá mé ag ceapadh go bhfuair cuimhne shaol na tuithe bás ag an am céanna leis an Ghaeilge ina measc.

Glúaiseann gach glúin i gclann trí dhoras a dhúnann siad taobh thiar diobh féin, mar go mór mór inár ré féin, ón naoú haois déag i leith, tá athruithe móra sa tsochaí, agus bionn gach glúin ag plé leis sin agus ag iarraidh teacht i dtír. Coimhlint a bhíonn ann de ghnáth. Anois, ní fheiceann na páistí, an t-aos óg, an choimhlint; feiceann siad an toradh. Biónn an toradh ann mar *fait accompli*, mar thalamh slán, nach gá nó nach ceadaithe a cheistiú. Nuair a dhúntar an doras úd, deireann glúin na dtuismitheoirí: 'Tá deireadh leis sin anois, ní bhaineann sé libhse a thuilleadh, cé gur bhain sé linne'. Nó, níos minicí, b'fhéidir, ní deireann siad rud ar bith.

Tá an doras dúnta anois agus sin sin. Ní féidir é a oscailt nó dul ar ais tríd.

Sin bun agus barr an scéil: má bhíonn athruithe ar siúl sa tsochaí agus sa chlann (athrú teanga, imirce agus a leithéid), beidh bearna idir glúin agus glúin eile, agus mairfidh siad i ndomhain éagsúla.

Rinne muintir Uí Chreag coiscéim mhór ón Ghaeilge go dtí an Béalra Albanach, ach freisin ón tuath agus a luachanna traidisiúnta go dtí an chathair agus a luachanna buirgíseachá, uirbeacha. An t-aon rud amháin a mhair ina saol go buan ná an ceol. Agus bhí difear ansin freisin. Ar dtús, b'í an ceol Gaelach é agus amhráin na ndaoine faoin tuath, agus ansin b'í ceol clasaiceach na hEorpa é, stíl eile ar fad agus domhan cultúrtha ar eile ag baint leis.

San alt seo, bhí mé ag trácht ar mo mhuintir féin, muintir Uí Chreag, agus ar Séamus Ó Creag go háirithe. Ach measaim go bhfuil teachtaireacht ann don náisiún ionmlán: táimidne Éireannaigh deighilte ar dhá bhealach, idir an saol nua-aimseartha agus an dúchas Gaelach; idir an saol sa chathair agus an saol thíos faoin tir.

Sin mo mhíniú-sa ar mhuintir Uí Chreag. Ní féidir liom dul ar ais agus fiafraí de na daoine an bhfuil an ceart agam. Tá siad marbh. Ach measaim go bhfuil an ceart agam, is é sin, go dtuigim mo mhuintir níos fearr anois. Ní thugtear duine ná daoine díreach nuair a fhagheann siad bás. B'fhéidir na blianta ina dhiaidh sin go dtuigfeard iad. Níl na mairbh marbh. Bíonn éifeacht acu orainn na blianta fada tar éis a mbás. Deirtear go bhfuil siad ar shláí na firinne. Tá – agus táimidne, na beo, ar shláí na firinne leo, ag iarraidh firinne an scéil, ár scéil féin, a fháil amach ar deireadh.

TAGAIRTÍ

¹ Áonna Ní Bhraonáin, 'Séamus Ua Creag (1863-1934)', Miontráchtas don Chéim BA (Onóracha), Ollscoil Uladh, Coláiste Mhig Aoidh, 2013. Ernan O'Donnell, 'James Patrick Craig, 1863-1934' (léacht), St. Connell's Museum, Glenties, 18.8.2018 agus 8.9.2018. Ciarán Ó Duibhín, 'Séamus Ó Creag, 1863-1934', leathanach Idirlín ag <http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/daoine/creagach.htm>

² 'Oidhreacht an phianódóra i Vín', in *Aisti Eorpacha*, Baile Átha Cliath, Coiscéim, 2015.

³ Eolas ar Manus Ó Creag ag na leathanaigh Idirlín www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/doegen/ocreag.htm agus http://www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/doegen/ocreag_biot.htm. Tá mé buioch de Chiarán Ó Duibhín, a chuir an t-ábhar seo ar fáil ar an Idirlón, agus a raibh mé i dteagmháil leis maidir le pointí áirithe i scéil na gCreagach.

⁴ E. Canon Maguire, *A history of the Diocese of Raphoe*, Dublin, Browne & Nolan, 1920. Buiochas le Ciarán Ó Duibhín a thug an tagairt don leabhar sin dom.

⁵ Pléitear an ghné seo den scéil san aiste liom atá luate i notaí 2 thusa.

⁶ McCrea, Barry, *Languages of the Night*, New Haven & London, Yale University Press, 2015. ♦

